



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2021)0141

Toradh na caibidlíochta AE-RA

Rún ó Parlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 maidir le toradh na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (2021/2658(RSP))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
- ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'),
- ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (05022/2021),
- ag féachaint do Chinneadh (AE) 2020/2252 an 29 Nollaig 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe¹,
- ag féachaint don iarraidh ar thoilíú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 217 agus 218(6), an dara fomhír agus le hAirteagal 218(8), an dara fomhír den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0086/2021),
- ag féachaint do rún uaithi an 5 Aibreán 2017 maidir le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe tar éis di fógra a thabhairt go bhfuil rún aici tarraingt siar ón Aontas Eorpach², an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le staid na caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe³, an 13 Nollaig 2017 maidir le staid na caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe⁴, an 14 Márta 2018 maidir le cuimsiú na gaolmhaireachta sa todhchaí idir AE agus an Ríocht Aontaithe⁵, an 18 Meán Fómhair 2019 maidir le staid na himeartha i ndáil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach⁶, an 15 Eanáir 2020

¹ IO L 444, 31.12.2020, lch. 2.

² IO C 298, 23.8.2018, lch. 24.

³ IO C 346, 27.9.2018, lch. 2.

⁴ IO C 369, 11.10.2018, lch. 32.

⁵ IO C 162, 10.5.2019, lch. 40.

⁶ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0016.

maidir le cur chun feidhme agus faireachán na bhforálacha maidir le cearta na saoránach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar¹, an 12 Feabhra 2020 maidir leis an sainordú atá beartaithe le haghaidh caibidlíochta le haghaidh comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann², agus an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann³,

- ag féachaint dá rún reachtach an 29 Eanáir 2020 ar an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁴,
 - ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁵ (‘an Comhaontú um Tharraingt Siar’), agus don dearbhú polaitiúil lena leagtar amach an creat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe⁶, atá ag gabháil leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, (‘an Dearbhú Polaitiúil’),
 - ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, ón gCoiste um Iascach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,
 - ag féachaint don Mholadh le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíochtaí maidir le comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, ina n-ainmnítear an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis, ina bhfuil na treoracha le haghaidh chaibidlíú na comhpháirtíochta nua (COM(2020)0035) (‘treoracha caibidlíochta’),
 - ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,
1. á chur in iúl gur geal léi tabhairt i gcrích Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (an Comhaontú) a chuireann srian ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus lena mbunaítear creat comhair ar cheart dó a bheith mar bhonn le comhpháirtíocht láidir chuiditheach amach anseo, lena seachnófar na gnéithe is suaití de chás ‘Brexit gan

¹ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0006.

² Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0033.

³ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0152.

⁴ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0018.

⁵ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁶ IO C 34, 31.1.2020, lch. 1.

mhargadh', agus lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; ag moladh obair láidir agus ról lárnach Phríomh-Idirbheartaí an Aontais agus a fhoirne maidir leis sin;

2. á athdhearbhú gur botún stairiúil é tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas agus á mheabhrú gur urramaigh AE cinneadh na Ríochta Aontaithe i gcónaí agus é á áitiú aici nach mór don Ríocht Aontaithe glacadh leis na hiarmhairtí a bhaineann le AE a fhágáil agus nach féidir le tríú tír na cearta céanna agus na sochair chéanna a bheith aici agus atá ag Ballstát; á mheabhrú go ndearna an Pharlaimint iarracht, ar feadh phróiseas tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, cearta shaoránaigh AE a chosaint, an tsíocháin agus an rathúnas a chosaint ar oileán na hÉireann, pobail iascaireachta a chosaint, dlíchóras an Aontais Eorpaigh a chosaint, neamhspleáchas chinnteoireacht AE a chosaint, sláine an aontais chustaim agus an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus dumpáil shóisialta, chomhshaoil, fhioscach nó rialála a sheachaint mar go bhfuil sé sin bunriachtanach chun poist, tionscal agus iomaíochas na hEorpa a chosaint agus chun na huailmhianta a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip a shaothrú;
3. á chur in iúl gur geal léi gur baineadh na spriocanna sin amach, den chuid is mó, leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, trí mhachaire comhréidh in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear maidir le stáitchabhair, caighdeán shóisialta agus chomhshaoil, socrú fadtéarmach maidir le hiascaigh, comhaontú eacnamaíoch lena maolófar go leor de na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, agus creat nua don chomhar ceartais, póilíneachta agus slándála inmheánaí bunaithe ar urraim iomlán do CECD agus do chreat dlíthiúil AE maidir le cosaint sonraí; á chur in iúl gur oth léi, mar sin féin, raon feidhme teoranta an Chomhaontaithe seo, mar gheall ar easpa tola polaitiúla ón Ríocht Aontaithe chun páirt a ghlacadh i réimsí tábhachtacha, go háirithe an beartas eachtrach, cosanta agus slándála seachtraí, ar réimsí iad nach n-éiríonn leo na huailmhianta sonrath sa Dearbhú Polaitiúil a bhaint amach ná baol air; á chur in iúl gur oth léi freisin cinneadh na Ríochta Aontaithe gan páirt a ghlacadh in Erasmus+, rud a bhaineann deis saoil an-luachmhar de dhaoine óga;
4. á chur in iúl gur geal léi an ghné láidir den Chomhaontú atá dírithe ar earraí, i bhfianaise dhéine na trádála earraí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus ag tabhairt dá haire gur toradh loighciúil é ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus go háirithe ar dheireadh a chur leis an tsaorghluaiseacht, go laghdaítear go mór na deiseanna do gheilleagar na Ríochta Aontaithe atá bunaithe ar sheirbhísí den chuid is mó, gan aon chur chuige leanúnach a bhaineann le tír thionscnaimh nó nós imeachta an phas a bheith aici go fóill, gan aitheantas uathoibríoch a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla, agus go bhféadfadh sé go mbeadh ar sholáthraithe seirbhíse sa Ríocht Aontaithe tabhairt faoi 27 sraith rialacha éagsúla agus, dá réir sin, faoi mhaorlathas méadaithe; á thabhairt chun suntais gurb é sin an chéad chomhaontú i stair an Aontais Eorpaigh inar féachadh leis an gcaibidlíocht dibhéirseacht a bhaint amach seachas cóineasú agus, dá bhrí sin, go raibh níos mó easaontais, bacainní agus costais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí dosheachanta;
5. á chur in iúl gur geal léi an sásra cothrománach um réiteach díospóidí i gcoitinne, lenar cheart go bhféadfaí díospóidí a réiteach go tráthúil agus go bhféadfaí trasfhionraí a dhéanamh sna limistéir eacnamaíocha uile, más rud é nach n-urramóidh ceann de na

páirtithe na gealltanais atá déanta acu; á mheas go bhféadfadh an sásra sin a bheith mar threoirphlean agus mar chaighdeán do na comhaontuithe saorthrádála uile a bheidh ann amach anseo;

6. ag mheabhrú an ráitis ó Ghrúpa Comhordúcháin na Ríochta Aontaithe (UKCG) agus ó Cheannairí na nGrúpaí an 11 Meán Fómhair 2020 agus ag tabhairt dá haire go bhfuil ceangal dlíthiúil ar an Ríocht Aontaithe, mar shínitheoir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, na forálacha atá ann a chur chun feidhme go hiomlán agus a urramú agus á chur in iúl gur geal léi gur tarraingíodh siar forálacha ciontaithe Bhille na Ríochta Aontaithe um an Margadh Inmheánach; ag cáineadh na gníomhaíochtaí aontaobhacha a rinne an Ríocht Aontaithe le déanaí, de shárú ar an gComhaontú um Tharraingt Siar, chun síneadh a chur le tréimhsí cairde lena dtugtar díolúine i gcás onnmhairí ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann ó dheimhnithe sláinte onnmhairithe a sholáthar le haghaidh gach lastas táirgí ainmhithe, trí bheartáin a dhíolmhú ó dhearbhuíthe custaim a dhéanamh, agus trí mhaolú a dhéanamh ar rialacha AE lena gcuirtear cosc ar ithir dul isteach sa mhargadh inmheánach agus ar phasanna peataí; á mheas gurb ionann na gníomhaíochtaí sin agus bagairt thromchúiseach ar shláine an Mhargaidh Aonair; á athdhearbhú gur gá na cinntí sin uile a chomhaontú go comhpháirteach trí na comhlachtaí comhpháirteacha ábhartha; á iarraidh go láidir ar Rialtas na Ríochta Aontaithe gníomhú de mheon macánta agus téarmaí na gcomhaontuithe atá sínithe aici a chur chun feidhme go hiomlán, gan mhoill, agus ar bhonn amchlár inchreidte agus cuimsitheach a bunaíodh go comhpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an oibleagáid an oibleagáid faoin gComhaontú um Tharraingt Siar chun gníomhú de mheon macánta; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, leanúint leis an imeacht sáraithe i gcoinne na Ríochta Aontaithe a seoladh an 15 Márta 2021 faoi Airteagal 12(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann; á mheabhrú, má choinnítear le neamh-chomhlíonadh leanúnach thoradh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go gcuirfí oibleagáidí ar fionraí freisin, lena n-áirítear srian a chur ar na leibhéil rochtana gan fasach ar an margadh, faoin gComhaontú Trádála agus Chomhair; á mheas, i ndáil leis sin, go neartaíonn daingniú an Chomhaontaithe Trádála agus Chomhair an tsraith uirlisí forfheidhmithe atá againn don Chomhaontú um Tharraingt Siar; á mheabhrú go bhfuil sé rithábhachtach go ndéanfaí an Comhaontú um Tharraingt Siar a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán agus go cuí chun cearta na saoránach a chosaint, chun an próiseas síochána a chosaint agus chun teorainn chrua ar oileán na hÉireann a sheachaint, chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus chun a áirithiú go n-íocfaidh an Ríocht Aontaithe a cion cothrom de na dliteanais a fhabhraítear le linn agus i ndiaidh a ballraíochta, agus dá bhrí sin, go bhfuil sé fós ina réamhchoinníoll riachtanach chun an caidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a fhorbairt amach anseo; ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le meon macánta agus ar an ngá atá le muinín agus inchreidteacht i ndáil leis sin; á mheabhrú go léirítear le dearadh an Phrótocail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, agus Airteagal 16 de, go bhfuil an chothromaíocht pholaitiúil an-leochaileach agus an-íogair; á áitiú nár cheart tograí nó gníomhartha a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar an gcothromaíocht sin a ghlacadh go neafaiseach nó gan comhairliúchán cuí a bheith déanta ag ceachtar den dá pháirtí roimh ré; ag tabhairt chun suntais imthosca uathúla Thuaisceart Éireann, agus an ról atá tugtha do Thionól Thuaisceart Éireann sa Phrótocal, lena n-áirítear an toiliú ba ghá chun leanúint den Phrótocal a chur i bhfeidhm i gceann ceithre bliana; á chur in iúl go bhfuil gá le hidirphlé leanúnach agus feabhsaithe idir ionadaithe polaitiúla agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ionadaithe as Tuaisceart

Éireann, i dtaobh gach gné den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann agus maidir leis an bpróiseas síochána i dTuaisceart Éireann i gcomhthéacs níos leithne; á chur in iúl gur cúis mhór inní di an teannas a bhí ann i dTuaisceart Éireann le déanaí agus á mheabhrú go bhfuil AE ar cheann de phríomhchaomhnóirí Chomhaontú Aoine an Chéasta agus go bhfuil sé meáite ar é a chosaint;

Ról Parlaimint na hEorpa

7. á chur in iúl gur oth léi gur thángthas ar na Comhaontaithe ag an nóiméad deireanach, agus an éiginnteacht a chuireann costais arda ar shaoránaigh agus ar oibreoirí eacnamaíocha dá bharr agus a raibh tionchar aici freisin ar shainchumais na Parlaiminte grinnscrúdú a dhéanamh ar théacs críochnaitheach na gComhaontuithe agus formhaoirseacht dhaonlathach a chur i bhfeidhm air roimh a gcur i bhfeidhm sealadach; á thabhairt chun suntais a eisceachtúla atá an próiseas sin mar gheall ar an spriocdháta daingean do dhul in éag na hidirthréimhse agus diúltú na Ríochta Aontaithe síneadh a chur leis, fiú amháin i lár paindéime; á chur i bhfáth nach féidir leis an bpróiseas sin, ar aon bhealach, a bheith ina fhasach do chomhaontuithe trádála amach anseo, ar comhaontuithe iad ina gcaithfear an ghnáth-fhormáid ó thaobh comhar agus rochtain ar fhaisnéis de a ráthú, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, lena n-áirítear na téacsanna caibidlíochta uile a chomhroinnt, idirphlé rialta a chinntiú, agus dóthain ama a chur ar leataobh sa Parlaimint chun grinnscrúdú foirmiúil a dhéanamh ar chomhaontuithe agus chun díospóireacht a dhéanamh orthu; á chur i bhfios go láidir nár cheart comhaontuithe a chur i bhfeidhm go sealadach gan toiliú na Parlaiminte; d'ainneoin an méid thuas, á aithint go raibh an Parlaimint in ann a tuairim a chur in iúl ar bhonn rialta i bhfianaise an chomhairliúcháin agus an idirphlé láidir agus rialta le Príomh-Idirbheartaí an Aontais agus le Tascfhórsa an Choimisiúin i ndáil leis an Ríocht Aontaithe, agus go raibh dhá rún ón bParlaimint á nglacadh i mí Feabhra agus i mí an Mheithimh 2020, lena áiríodh go raibh ár seasaimh léirithe go hiomlán i sainordú tosaigh an Aontais agus gur chosain Príomh-Idirbheartaí an Aontais iad le linn na caibidlíochta;
8. ag tacú, faoin gComhaontú seo, le bunú an Tionóil Comhpháirtíochta Parlaimintigh do Chomhailt Parlaimintí na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe; á chreidiúint gur cheart a chur de chúram ar an Tionól Comhpháirtíochta Parlaiminteach sin faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán agus cuí an Chomhaontaithe agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Comhpháirtíochta; á mholadh gur cheart go n-áireofaí ar a raon feidhme cur chun feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, gan dochar do struchtúir rialachais gach comhaontaithe agus don sásra dá ngrinnscrúdú, chomh maith leis an gceart moltaí a chur isteach le haghaidh réimsí ina bhféadfadh comhar feabhsaithe a bheith tairbhiúil don dá pháirtí agus tionscnaimh chomhphárteacha a ghlacadh chun dlúthchaidreamh a chur chun cinn;
9. á áitiú nach mór ról iomlán a bheith ag an bParlaimint maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, agus maidir le faireachán a dhéanamh air, i gcomhréir leis an litir an 5 Feabhra 2021 ó Uachtarán na Parlaiminte Sassoli; gan dochar do na gealltanais atá tugtha cheana ag na Coimisinéirí faoi seach i leith na gcoistí parlaiminteacha freagracha, á chur in iúl gur geal léi an ráiteas ón gCoimisiún maidir le ról na Parlaiminte i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena n-áirítear na gealltanais seo a leanas:
 - (a) an Parlaimint a choimeád ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi

ghníomhaíochtaí na Comhairle Comhpháirtíochta agus gníomhaíochtaí comhchomhlachtaí eile;

- (b) ról a thabhairt don Pharlaimint i gcinntí tábhachtacha faoin gComhaontú maidir le haon ghníomhaíochtaí aontaobhacha a dhéanann an Aontais faoin gComhaontú, agus lánaird a thabhairt ar thuairimí na Parlaiminte, agus i gcás nach leanann sé tuairimí na Parlaiminte, míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach ndearna sé amhlaidh;
- (c) ról a thabhairt don Pharlaimint sách luath roimh ré má bhíonn sé ar intinn aige togra a thíolacadh chun Cuid a Trí [Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla] den Chomhaontú a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, más rud é nach n-urramóidh an Ríocht Aontaithe a cuid gealltanais faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;
- (d) ról a thabhairt don Pharlaimint i bpróiseas roghnúcháin na n-eadránaithe agus na bpainéalaithe ionchasacha dá bhforáiltear leis an gComhaontú;
- (e) aon togra maidir le gníomhartha reachtacha lena rialaítear na rialacha módúlachtaí le haghaidh na bearta uathrialacha atá an tAontas i dteideal a dhéanamh faoin gComhaontú a chur faoi bhráid na Parlaiminte;
- (f) lánaird a thabhairt ar thuairimí na Parlaiminte maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ag an dá Pháirtí, lena n-áirítear maidir le sárúithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gComhaontú nó míchothromaíochtaí sa mhachaire chomhréidh agus, in aon chás nach leanann sé dearcadh na Parlaiminte, a cúiseanna a mhíniú;
- (g) an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go hiomlán maidir le measúnuithe agus cinntí a dhéanann an Choimisiún i dtaca le leordhóthanacht sonraí, chomh maith le socruithe le haghaidh comhar rialála le húdaráis na Ríochta Aontaithe maidir le seirbhísí airgeadais agus maidir le deonú féideartha coibhéisí i seirbhísí airgeadais;

á iarraidh go ndéanfaí na gealltanais sin a chomhdhlúthú i gComhaontú Idirinstitiúideach a luaithe is féidir;

10. á chur in iúl gur geal léi an Comhaontú maidir le nósanna imeachta slándála i ndáil le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint; ag cur béim ar an bhfioras go bhfuil an comhaontú sin, go háirithe Airteagal 3 de, gan dochar do chearta na Parlaiminte faoi Airteagal 218(10) CFAE, go háirithe i bhfianaise mhír 9 thuas; á chur in iúl nach bhfuil an chaoi ar iarr an Chomhairle toiliú na Parlaiminte (dhá chomhaontú a chumhdach in aon nós imeachta amháin - an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus an Comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir leis na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint) i gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach agus nár cheart ar bhealach ar bith é a bheith ina fhasach, ós rud é gur cheart go mbeadh an Pharlaimint in ann a toiliú a thabhairt do gach comhaontú idirnáisiúnta, sula dtagann sé i bhfeidhm, as féin seachas mar phacáiste, agus go mbainfí an bonn go mór dá sainchumais murach sin;
11. ag tathant ar cheardchumainn an Aontais agus na Ríochta Aontaithe agus ar chomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta eile a bheith

rannpháirteach go láidir i bhfaireachán agus i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena n-áirítear a gcomhairliúchán agus a rannpháirtíocht fhéideartha sna coistí speisialaithe i gcás ina ndéantar measúnú ar chúrsaí ábhartha, mar aon le fóram saothair tiomnaithe a bhunú a thiocfaidh le chéile roimh gach cruinniú de chuid na Comhairle Comhpháirtíochta; á mholadh, i bhfianaise a thábhachtaí atá an Comhaontú agus i bhfianaise na n-iarmhairtí fadréimseacha a d'fhéadfadh a bheith aige, go ndéanfaí an Grúpa Comhairleach Baile a mhéadú le hionadaithe méadaithe ó na ceardchumann agus ó chomhpháirtithe sóisialta eile, go háirithe ó Chónaidhm na hEarnála Eorpaí, agus gur cheart go gcuirfí ar chumas eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ceardchumann agus comhpháirtithe sóisialta eile gearáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus ceangal a chur ar an gCoimisiún gníomhú ar na gearáin sin;

12. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin ról a thabhairt do na geallsealbhoirí a mhéid is féidir i bhfianaise an ama theoranta atá ar fáil agus á chur in iúl gur geal léi freisin na fógraí mionsonraithe ullmhachta a chabhraigh le gnólachtaí ullmhú do na hathruithe dosheachanta ón 1 Eanáir 2021, nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe an t-aontas custaim agus an margadh inmheánach; á iarraidh ar Bhallstáit uile an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, ar na réigiúin, iarrachtaí breise a dhéanamh chun a áirithiú go n-éireoidh go geal leis na chéad mhíonna sin faoin gcóras nua maidir le stádas nua na Ríochta Aontaithe do na hoibreoírí eacnamaíocha agus do na saoránaigh uile; á aithint di go bhfuil iarmhairtí suntasacha eacnamaíocha gearrthéarmacha ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ó AE, á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid iomlán agus thráthúil a bhaint as Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, a luaithe a ghlacfaidh na comhreachtoírí é, chun cabhrú le hearnálacha, cuideachtaí agus oibrithé araon, agus leis na Ballstáit is mó atá thíos le tionchair dhiúltacha gan choinne an chaidrimh nua idir AE agus an Ríocht Aontaithe;

Trádáil

13. ag cur béim ar raon feidhme gan fasach an Chomhaontaithe maidir le trádáil in earraí lenar baineadh amach an cuspóir maidir le cuótaí nialais agus taraifí nialais a bhaint amach agus, mar thoradh air sin, éascófar trádáil leis an Ríocht Aontaithe, faoi chuimsiú rialacha iomchuí tionscnaimh, lena gcosnófar leasanna tháirgeoirí an Aontais, lena n-áirítear trí chardadh déthaobhach, féindeimhniúchán tionscnaimh ag na honnmhaireoirí, chomh maith leis an tréimhse díolúine 12 mhí i gcás roinnt de na doiciméid; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé machaire comhréidh éifeachtach a bheith ann, go háirithe maidir le neamh-chúlchéimniú agus le dibhéirseachtaí a sheachaint amach anseo, i gcomhar le raon feidhme an Chomhaontaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin;
14. á chur i bhfios go láidir, i gcás na trádála i seirbhísí, go ndéantar leibhéal léirscaoilte a bhaint amach le gealltanais an dá pháirtí thar a ngealltanais EDT, lena n-áirítear trí chlásal réamhbhreathnaitheach 'náisiún barrfhabhair', gealltanais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh d'fhonn feabhsuithe a dhéanamh amach anseo, agus le rialacha speisialta do shoghluaisteacht gairmithe chun críocha gnó (seirbhísí 'Mód 4'); ag an am céanna, áfach, á mheabharrú, tríd an margadh inmheánach a fhágáil, gur chaill an Ríocht Aontaithe a ceart neamhtheoranta uathoibríoch seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais; ag aithint forálacha soiléire maidir le cáilíochtaí gairmiúla atá éagsúil ó tharla gur tríú tír í an Ríocht Aontaithe; á chur in iúl gur geal léi, mar sin féin, an sásra dá bhforáiltear sa Chomhaontú trína bhféadfaidh AE agus an Ríocht Aontaithe teacht ar chomhaontú ina dhiaidh sin de réir an cháis agus do ghairmeacha sonracha maidir le

socruithe breise;

15. á chur in iúl gur geal léi an chaibidil maidir leis an trádáil dhigiteach, lena n-áirítear an toirmeasc sainráite ar cheanglais logánaithe sonraí nó nochtadh éigeantach an chóid fhoinsigh, ar gnéithe iad atá nua do na Comhaontaithe Saorthrádála atá curtha i gcrích ag an Aontas go n-uige seo, agus, ag an am céanna, lena gcaomhnaítear ceart an Aontais chun rialáil agus ceanglais cosanta sonraí; á aithint gur féidir leis an gcaibidil dhigiteach sin a bheith ina eiseamláir do chomhaontuithe trádála amach anseo; á chur in iúl gur geal léi freisin comhar rialála maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an intleacht shaorga;
16. ag moladh go ndearnadh caibidlíocht ar an gcaibidil uileghabhálach is uailmhianaí riamh maidir le soláthar poiblí, in ainneoin an drogaill tosaigh ó thaobh na Ríochta Aontaithe de, a théann níos faide ná an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais chun cóir chomhionann a ráthú do chuideachtaí AE, chomh maith le caibidil ar riachtanais agus leasanna na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna); á mheabhrú gur tugadh cosaint do stoc na dtásc geografach (Glanna) atá ann cheana faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, ach á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfaí aon socruithe maidir le tásca geografacha a bheidh ann amach anseo a aimsiú i gcoinne na ngealltanais a tugadh sa Dearbhú Polaitiúil; á aithint mar sin féin an clásal ‘*rendez-vous*’ chun an chosaint a leathnú amach anseo agus ag tathant ar an dá pháirtí an clásal sin a chur i gníomh a luaithe is féidir;
17. ag tathant go láidir ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ardáin ábhartha um chomhordú rialála, a chuireann trédhearcacht iomlán ar fáil don Pharlaimint, a chur ar bun agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu chun ardleibhéal cóineasaithe rialála a cheadú amach anseo, i gcomhréir le Comhaontú Glas don Eoraip, agus chun coinbhleachtaí nach bhfuil gá leo a sheachaint, agus, ag an am céanna, ceart rialála gach páirtí a chosaint mar a léirítear sa Chomhaontú;

Machaire comhréidh

18. á chur in iúl gur geal léi an teideal uileghabhálach agus nua-aimseartha maidir le machaire comhréidh don iomaíocht oscailte agus chothrom agus don fhorbairt inbhuanaithe, ar cheart é a mheas mar eiseamláir do Chomhaontuithe Saorthrádála eile a bheidh ann amach anseo arna gcaibidliú ag an Aontas, lena n-áirítear:
 - (i) rialacha maidir le neamh-chúlchéimniú ó na leibhéil arda reatha cosanta i gcaighdeán saothair agus shóisialta, sa chomhshaol agus san aeráid agus i gcánachas, ar rialacha iad nach féidir a ísliú ar bhealach a dhéanfaidh difear do thrádáil nó d’infheistíocht, chomh maith le rialacha maidir le hiomaíocht agus le fiontair atá faoi úinéireacht stáit;
 - (ii) an fhéidearthacht bearta aontaobhacha athchothromaithe a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeidh dibhéirseachtaí suntasacha amach anseo ann i réimsí na gcaighdeán saothair agus sóisialta, i réimse chosaint an chomhshaoil nó na haeráide, nó i gcás rialú fóirdheontais, ina mbíonn tionchar ábhartha ag na héagsúlachtaí sin ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na páirtithe; ag cur béim ar an ngá atá ann a áirithiú go léireofar go forleathan éagsúlacht shuntasach a bhfuil tionchar ábhartha acu ar thrádáil nó ar infheistíocht agus gur féidir é a léiriú ar bhealach praiticiúil chun a áirithiú nach gcuirfear srian míchuí ar an gcumas na bearta sin a úsáid;

- (iii) an tsraith de phrionsabail cheangailteacha a comhaontaíodh maidir le rialú fóirdheontais, ar féidir le hiomaitheoirí agóid a dhéanamh ina leith muna leantar í, agus na cúirteanna a bhfuil sé de chumhacht acu a ordú do thairbhíthe an fóirdheontas a aisíoc nuair is gá, agus an deis a bheith ag an Aontas dul i ngleic le haon neamhchomhlíonadh ag an Ríocht Aontaithe trí smachtbhannaí aontaobhacha, lena n-áirítear taraifí nó cuótaí a thabhairt isteach ar tháirgí áirithe nó codanna eile den chomhpháirtíocht eacnamaíoch a thraschur; ag cur béim ar an ngá atá le faireachán a dhéanamh ar chóras nua státchabhrach na Ríochta Aontaithe agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an tsásra chun aghaidh a thabhairt ar fhóirdheontais nach bhfuil údar leo ionas go gcuirfidh sé go héifeachtach leis an machaire comhréidh;
 - (iv) á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach bhfuil an chaibidil maidir le cánachas faoi réir forálacha réitigh díospóide ná faoi réir beart athchothromaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir le ceisteanna maidir le cánachas agus sciúradh airgid, i gcás inar cheart na huirlisí uile atá ar fáil amhail na próisis liostaithe a úsáid chun an Ríocht Aontaithe a dhíspreagadh ó chleachtais éagóracha a ghlacadh; á mheabhrú i ndáil leis sin go bhféadfaí athbhreithniú a iarraidh ar an gceannteideal trádála ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe i gcás ina dtiocfadh míchothromaíochtaí chun cinn;
 - (v) á mheabhrú go bhfuil feidhm ag forálacha maidir leis an machaire comhréidh ar bhealach ginearálta, lena n-áirítear i ‘gcriosanna eacnamaíocha speisialta’, mar a thugtar orthu;
19. á thabhairt chun suntais go bhfuil faireachán cuí agus maoirseacht leordhóthanach ríthábhachtach chun tuiscint dhaingean a fháil ar na bacainní atá fós ann agus ar na bacainní nua atá os comhair cuideachtaí, go háirithe FBManna, ar an láthair; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé éiginnteacht rialála, ualaí riaracháin agus castacht nós imeachta, nach bhfuil gá leo agus a chuirfidh leis an gcastacht agus leis an gcostas, a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit maidir leis sin dul i rannpháirtíocht leis an bpobal gnó, go háirithe FBManna d’fhonn greannaithe trádála atá ag teacht chun cinn a mhaolú;

Rialachas

20. á chur in iúl gur geal léi an rialachas cothrománach agus an creat institiúideach a leagtar amach sa Chomhaontú, lena n-áirithítear comhleanúnachas, nasc agus forfheidhmiú coiteann idir na caibidlí ar fad, agus, ar an gcaoi sin, seachnaítear struchtúir chomhthreomhara agus maorlathas breise chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil agus rátháíochtaí láidre ag na páirtithe maidir le comhlíonadh a chur ar fáil; ag aithint go háirithe an sásra láidir chun díospóidí a réiteach a d’fhéadfadh teacht chun cinn idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir lena ngealltanais a léirmhíniú nó a chur chun feidhme;
21. á chur in iúl gur geal léi an clásal neamh-idirdhealaithe sa chaibidil rialachais lena n-áirithítear nach féidir leis an Ríocht Aontaithe, ina beartas náisiúnta víosaí, idirdhealú a dhéanamh idir saoránaigh Bhallstáit AE chun víosaí gearrthéarmacha a dheonú; ag cáineadh na córa idirdhealaithe atá ann do roinnt saoránach AE (ón mBulgáir, ón Eastóin, ón Liotuáin, ón Rómáin agus ón tSlóivéin) nach mbaineann tairbhe as an gcóras céanna táillí iarratais ar víosa sa Ríocht Aontaithe le saoránaigh ó na 22 Bhallstát

AE eile maidir le táillí do víosaí oibre agus do dheimhnithe urraíochta;

Slándáil, gnóthaí eachtracha agus forbairt

22. á chur in iúl gur oth léi, murab ionann agus an Dearbhú Polaitiúil lenar beartaíodh comhpháirtíocht uaillmhianach, leathan, dhomhain agus sholúbtha i réimse an bheartais eachtraigh, na slándála agus na cosanta, gur dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe dul i mbun caibidlíochta maidir leis na gnéithe sin mar chuid den Chomhaontú; á mheabhrú, mar sin féin, gur chun leasa an dá thaobh é dlúthchomhar marthanach a choimeád ar bun sna réimsí sin, go háirithe chun an tsíocháin, an tslándáil, lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht a chur chun cinn, chun ord domhanda atá bunaithe ar rialacha, iltaobhachas éifeachtach, Cairt na Náisiún Aontaithe, comhdhlúthú an daonlathais agus an smachta reachta, agus chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE; á mholadh gur cheart an comhar agus an comhordú a dhéanfar amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe a rialú le hardán córasach le haghaidh comhairliúcháin ardleibhéil agus comhordú maidir le saincheisteanna beartais eachtraigh, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le tíortha amhail an Rúis agus an tSín, dlúth-rannpháirtíocht i gcúrsaí slándála, lena n-áirítear faoi chuimsiú an chomhair AE-ECAT, agus comhar fabhrach córasach maidir le hoibríochtaí síochánaíochta go háirithe; á iarraidh go háirithe go mbeadh comhar agus comhordú domhain ann leis an Ríocht Aontaithe maidir le beartais smachtbhannaí le AE i bhfianaise na luachanna agus na leasanna comhroinnte agus go mbunófaí sásra comhordaithe ina leith sin;
23. á chur in iúl gur saoth léi ina leith sin cinneadh na Ríochta Aontaithe stádas taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh a íosghrádú agus á iarraidh ar údaráis ábhartha na Ríochta Aontaithe an ghníomhaíocht sin a leigheas go práinneach agus ag tathant ar an gCoimisiún seasamh go daingean chun cur chun feidhme cuí na gConarthaí chosaint;
24. á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá an Ríocht Aontaithe mar ghníomhaí don fhorbairt agus don chabhair dhaonnúil, mar gheall ar scála a cúnaimh oifigiúil forbartha (fiú agus an laghdú ó 0.7 % go 0.5 % de OIN á áireamh), a saineolas, a cumais cur chun feidhme tionscadal agus a caidreamh cuimsitheach leis an gComhlathas agus le tíortha eile atá i mbéal forbartha; á mholadh don Ríocht Aontaithe an tionchar diúltach a bhíonn ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ó AE ar thíortha i mbéal forbartha a íoslaghdú agus a tiomantas a choinneáil chun bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le cúnaimh forbartha agus cabhair dhaonnúil; á iarraidh go ndéanfar dlúthchomhordú agus dlúthchomhar idir deontóirí an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear an deis tarraingt ar acmhainneachtaí a chéile chun éifeachtúlacht, éifeachtacht forbartha agus dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe a uasmhéadú;

Saincheisteanna sonracha earnála agus comhar téamach

25. á mheas go bhfuil an margadh aonair ar cheann de na gnóhachtálacha is fearr ag an Aontas Eorpach, go ndeachaigh sé go mór chun tairbhe do gheilleagair an dá pháirtí agus gur chruthaigh sé bonn chun cáilíocht saoil saoránach a fheabhsú; á chur i bhfáth gur cheart ré nua seo na comhpháirtíochta eacnamaíche a bheith dírithe ar dheiseanna a ghiniúint a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, agus nár cheart go mbainfí an bonn ó shláine agus ó fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus an aontais chustaim; ag aithint gur bealach iomchuí chun cinn é go leathnófaí na héascuithe a thugtar d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe chun saobhadh ar an trádáil a sheachaint;

26. á chur i bhfios go láidir, mar chuid den phróiseas cur chun feidhme, gur cheart don Aontas aird ar leith a thabhairt ar chomhréireacht na seiceálacha custaim a dhéantar sula dtiocfaidh na hearraí isteach sa mhargadh inmheánach (ag teacht ón Ríocht Aontaithe nó ó thríú tíortha eile tríd an Ríocht Aontaithe) mar atá beartaithe sa Chomhaontú, agus á áitiú go bhfuil sé fíorthábhachtach a áirithiú go gcomhlíonfaidh earraí rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíocht níos mó a dhéanamh i saoráidí rialaithe custaim agus le tuilleadh comhordú agus malartú faisnéise idir an dá pháirtí chun cur isteach ar thrádáil a chosc a mhéid is féidir, agus chun sláine an aontais chustaim a chaomhnú chun leas tomhaltóirí agus gnólachtaí; á mheas go bhfuil comhar rianúil idir údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh fíorriachtanach agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di é acmhainn oibríochtúil riachtanach láithreach AE i dTuaisceart Éireann;
27. á thabhairt dá haire go raibh tionchar diúltach cheana féin ag an éiginnteacht maidir leis na rialacha is infheidhme ar nósanna tomhaltóirí agus ar mhuinín tomhaltóirí sa tsiopadóireacht trasteorann agus á iarraidh ar Rialtas na Ríochta Aontaithe, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta a leagtar amach sa Chomhaontú chun tomhaltóirí a chosaint a chur chun feidhme go pras, agus comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le beartais earnálacha éagsúla a bhaineann le modhanna táirgthe inbhuanaithe agus sábháilteacht táirgí a threisiú; á iarraidh go mbeadh trédhearcacht feadh shlabhra soláthair na seirbhísí táirgí chun leas na dtomhaltóirí, agus á dhearbhú go bhfuil na praghsanna a léiríonn costais iomlána an cheannacháin, lena n-áirítear na táillí agus na dleachtanna ábhartha uile is infheidhme, agus soiléireacht maidir leis na cearta tomhaltóirí is infheidhme ríthábhachtach chun easaontas a sheachaint agus chun muinín na dtomhaltóirí a chothú agus iad ag ceannach thar an teorainn;
28. á chur in iúl gur saoth léi an tionchar diúltach ar phobail iascaireachta áirithe, agus ag aithint gur beag an dochar a dhéanann na forálacha maidir le hiascaigh lena mbunaítear laghdú 25 % thar 5½ bliain ná mar a dhéanfadh dúnadh iomlán uiscí na Ríochta Aontaithe; ina leith sin, á iarraidh ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach rachfar thar an tairseach laghdaithe 25 % sin am ar bith agus go mbeidh rochtain cómhálartach ann i gcónaí; ina leith sin, á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil cead ag an gComhairle Comhpháirtíochta na hIarscríbhinní 35, 36 agus 37 a leasú; á iarraidh go rachfar i gcomhairle go cuí leis an bParlaimint roimh aon athrú den chineál sin a dhéanamh;
29. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an staid mar a bhí ag deireadh na tréimhse sin, agus á mheabhrú don Ríocht Aontaithe go bhfuil nasc díreach ag an rochtain leanúnach atá aici ar mhargaí an Aontais le rochtain iascaigh an Aontais ar uiscí na Ríochta Aontaithe ina dhiaidh sin; á mheabhrú go mbeidh AE in ann gníomhaíocht a dhéanamh chun a leasanna a chosaint, dá mba rud é go mbreithneodh an Ríocht Aontaithe rochtain a theorannú tar éis na chéad tréimhse 5½ bliain, lena n-áirítear trí tharaifí nó cuótaí a athbhunú le haghaidh allmhairí éisc na Ríochta Aontaithe nó trí chodanna eile den Chomhaontú a chur ar fionraí, i gcás ina mbeadh baol ann go mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta ann do phobail iascaireachta an Aontais; á chur in iúl gur oth go mór léi amhras a bheith á chaitheamh ar bhealach atreoraithe i leith chearta AE chun iascaireacht a dhéanamh, trí leas a bhaint as an bhfioras nach féidir comhaontú maidir le TACanna agus cuótaí a ghlacadh go tráthúil agus trí bhearta teicniúla do-ghlactha, agus trí léirmhínte sriantacha conspóideacha maidir leis na coinníollacha chun ceadúnais a fháil;

30. á thabhairt chun suntais gur ábhar mór inní di na hiarmhairtí a d'fhéadfadh teacht ag an Ríocht Aontaithe a bheith ag imeacht ó rialacháin an Aontais maidir le bearta teicniúla agus reachtaíocht chomhshaoil eile de chuid an Aontais, rud a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le teorannú *de facto* ar rochtain ar uiscí na Ríochta Aontaithe ag roinnt soithí iascaireachta Eorpacha; á mheabhrú go gcuireann an Comhaontú oibleagáid ar an dá pháirtí údar a thabhairt do nádúr neamh-idirdhealaitheach aon fhorbairt sa réimse seo, agus nach mór, i bhfianaise sonraí atá indeimhnithe go heolaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil fhadtéarmach a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith an-airdeallach go gcloífear leis na coinníollacha sin agus freagairt láidir a thabhairt i gcás ina gníomhaíonn an Ríocht Aontaithe ar bhealach idirdhealaitheach;
31. á chur in iúl gur cúis bhuartha di iarmhairtí na rialacha éagsúla is infheidhme i leith críocha a bhfuil stádas speisialta acu a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, go háirithe Spleách-chríocha na Corónach agus Críocha Thar Lear; á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar na críocha sin agus a sainiúlachtaí;
32. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an chaoi a dtabharfaí aghaidh ar laghdú aontaobhach caighdeán saothair agus sóisialta a d'fhéadfadh an Ríocht Aontaithe a dhéanamh amach anseo agus conas a chuirfí ina aghaidh faoin gComhaontú; á athdhearbhú arís eile nach mór aghaidh a thabhairt gan mhoill ar aon ísliú aontaobhach ar chaighdeán shóisialta agus saothair a rachadh chun dochair oibrithe agus cuideachtaí Eorpacha agus nach mór iad a réiteach chun machaire comhréidh a choinneáil; á chur in iúl gur saoth léi freisin, cé go raibh sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar na Treoracha maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a thrasú agus an Treoir maidir le dálaí Oibre Trédhearcacha Intuartha¹ le linn na hidirthréimhse, nach ndearna sí fós na bearta is gá chun é sin a dhéanamh agus go bhfuil cearta nuabhunaithe áirithe bainte d'oibrithe sa Ríocht Aontaithe aici dá bhrí sin;
33. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an sásra comhair nua maidir le comhordú slándála sóisialta gar do na rialacha atá ann faoi láthair faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004² maidir le comhordú córais slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009³ lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, go gcosnaítear forálacha AE maidir le neamh-idirdhealú, cóir chomhionann agus comhiomlánú tréimhsí sa Chomhaontú; á chur in iúl, áfach, gur oth léi na srianta ar an raon feidhme ábharach agus, go háirithe nach n-áirítear sochair theaghlaigh, cúram fadtéarmach agus sochair airgid neamh-ranníocacha agus in-onnmhairitheacht sochar dífhostaíochta; á iarraidh ar na páirtithe faisnéis dhaingean agus iontaofa maidir lena gcearta chun cónaithe agus a gcearta chun oibre agus maidir le comhordú na slándála sóisialta a chur ar fáil láithreach do shaoránaigh a

¹ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

² Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcórais slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

³ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcórais slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

ndearna srianta ar shaorghluaiseacht difear dóibh;

34. á thabhairt dá haire freisin an fhoráil eatramhach maidir le tarchur sonraí pearsanta chuig an Ríocht Aontaithe; á athdhearbhú rúin uaithi an 12 Feabhra 2020 agus an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí mar cheart bunúsach araon, chomh maith le bheith ina phríomhchumasóir don gheilleagar digiteach; á mheabhrú, maidir le leorgacht chreat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe, i gcomhréir le cásdlí CBAE, nach mór leibhéal cosanta na Ríochta Aontaithe a bheith ‘coibhéiseach go bunúsach’ leis an leibhéal a chuirtear ar fáil le creat dlíthiúil AE, lena n-áirítear aistriú ar aghaidh chuig tríú tíortha, maidir le haistrithe tráchtála agus aistrithe chun críoch fhorghníomhú an dlí araon; á aithint gur seoladh an nós imeachta maidir le glacadh an dá chinneadh leordhóthanachta maidir le sonraí pearsanta a aistriú chuig an Ríocht Aontaithe, faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí¹ (RGCS) agus faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí² an 19 Feabhra 2021; á iarraidh ar an gCoimisiún gan cinneadh dearfach leordhóthanachta a ghlacadh mura n-urramaítear go hiomlán na coinníollacha a leagtar síos faoi dhlí agus cásdlí AE; á chur i bhfáth nach bhféadfaidh cinneadh leordhóthanachta a bheith mar chuspóir caibidlíochta idir an Ríocht Aontaithe agus AE toisc go dtagraíonn sé do chosaint cirt bhunúsaigh a dtugann ECHR, an Chairt agus Conarthaí AE aitheantas dó;
35. á chur i bhfios go láidir go mbunaítear leis an gComhaontú comhar leis an Ríocht Aontaithe i bhforfheidhmiú an dlí agus i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, ar de chineál dlúth é nach bhfacthas a leithéid riamh cheana le tríú tír; á thabhairt le fios, mar choimirce bhreise, go bhforáiltear do réimeas sonrathach maidir le socrú díospóidí i bPáirt III, Teideal III den Chomhaontú i bhfianaise an limistéir íogair atá á rialáil aige; á chur in iúl gur díol sásaimh di na forálacha maidir le Cuid III a fhionraí agus a fhoirceannadh, go háirithe coinníollacht ECHR;
36. á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil obair leantach déanta i leith éilimh na Parlaiminte maidir le cur chuige comhchoiteann AE i dtaca le tearmann, imirce agus bainistiú teorainneacha, rud a fhágann, i dtaobh na n-ábhair tábhachtach sin, a mbíonn tionchar acu freisin ar chearta na ndaoine is leochailí, amhail mionaóisigh neamhthionlacthaanois, go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu anois trí chomhar déthaobhach; á iarraidh go ndéanfaí comhaontú ábhartha a thiocfadh in ionad Rialachán Bhaile Átha Cliath³ a chomhaontú go pras idir AE agus an Ríocht Aontaithe;

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

² Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

³ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

37. á chur in iúl gur oth léi an easpa uaillmhéine sa Chomhaontú maidir le beartais soghluaisteachta agus á iarraidh go bhforbrófaí conairí sábháilte imirce dleathacha idir AE agus an Ríocht Aontaithe; á chur in iúl gur díol sásaimh di na forálacha maidir le víosaí do chuariteanna gearrthéarmacha agus clásal an neamh-idirdhealaithe i measc na mBallstát; á iarraidh ar an Ríocht Aontaithe gan idirdhealú a dhéanamh i measc shaoránaigh an Aontais ar bhonn náisiúntachta, ó thaobh clárú le scéim socraíochta an Aontais Eorpaigh, agus maidir le saincheisteachta agus víosaí; á iarraidh ar an gCoimisiún prionsabal na cómhálartachta a fhorfheidhmiú go docht; ag cáineadh go géar chinneadh idirdhealaitheach na Ríochta Aontaithe chun táillí éagsúla a chur i bhfeidhm le haghaidh víosaí oibre do shaoránaigh Bhallstáit áirithe AE maidir le víosaí oibre séasúracha agus víosaí oibrithe sláinte agus cúraim, mar shampla; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain chomhionann ar mhargadh saothair na Ríochta Aontaithe a ráthú do shaoránaigh AE agus ar an ngá atá ann an táille chéanna a chur i bhfeidhm do náisiúnaigh uile AE, agus dá bhrí sin ag tathant ar an Ríocht Aontaithe a cinneadh a fhreaschur láithreach bonn;
 38. á iarraidh ar an gCoimisiún an Pharlaimint a choimeád go hiomlán ar an eolas maidir le faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach, ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus ag an mBord Réitigh Aonair, chomh maith le forbairtí margaidh i seirbhísí airgeadais chun aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh agus bagairtí ar chobhsaíocht airgeadais, ar shláine an mhargaidh agus ar chosaint infheisteoirí a shainaithint go tráthúil;
 39. á iarraidh ar an gCoimisiún na huirlisí atá ar fáil a úsáid, breithniú a dhéanamh ar uirlisí nua san athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an gcreat frithsciúrtha airgid agus comhar dílis a áirithiú i ndáil le trédhearcacht na húnéireachta tairbhiúla, machaire comhréidh a ráthú agus an margadh aonair a chosaint ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a thagann ón Ríocht Aontaithe;
 40. á thabhairt dá haire, agus buíochas dá réir aici, go n-áirítear sa Chomhaontú gealltanais maidir le trédhearcacht chánach agus iomaíocht chóir chánach, chomh maith le Dearbhú Polaitiúil comhpháirteach maidir le córais chánach dhíobhálacha a chomhrac;
 41. á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh comhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas maidir le Meabhrán Tuisceana i dtaca le seirbhísí airgeadais, ach á chur in iúl gur oth léi nár deonaíodh cinntí coibhéise na Ríochta Aontaithe go dtí seo ach do Stáit aonair LEE, lena n-áirítear do Bhallstáit den Aontais Eorpaigh, seachas don Aontas ina iomláine; á mheabhrú go gcumhdaítear le cinntí coibhéise roinnt réimsí dlí atá faoi réir comhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais, agus, i gcásanna áirithe, gurb iad údaráis AE iad féin a dhéanann maoirseacht; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a mheas ar cuireadh an Ríocht Aontaithe a cinntí coibhéise faoi bhráid an Aontais ina iomláine, sula ndearna sé a chinntí coibhéise féin;
 42. á mheas gur gá raon feidhme na hoibleagáide neamh-chúlchéimnithe maidir le cúrsaí cánach a shoiléiriú tuilleadh; á chur in iúl gur eagal léi an tionchar a bheadh ag reachtaíocht éagsúil maidir le cúrsaí cánach; á chur in iúl gur cúis inní di go háirithe an fógra luath ón Ríocht Aontaithe nach dtabharfaidh sí gealltanais go dtí go nochtfar go héigeantach socruithe intuairiscithe bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta níos laige agus
-

gur oth léi freisin ráitis phoiblí maidir le limistéir shaortrádála a oscailt sa Ríocht Aontaithe;

43. ag tabhairt rabhaidh go méadaíonn téarmaíocht dhoiléir agus rialacha dlíthiúla neamhcheangailteacha nó neamh-intuartha agus sásraí formhaoirseachta maidir le cánachas laistigh den Chomhaontú, go méadaíonn siad an baol go ndéanfar dumpáil fhioscach; á thabhairt dá haire ina theannta sin go bhfuil an baol ann go n-eascródh díospóidí neamhréitithe as forfheidhmiú an Chomhaontaithe mar gheall ar easpa clásail a bhfuil éifeacht dhíreach acu, lena n-áirítear maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha; á thabhairt dá haire agus inní uirthi dá réir go bhfuil na coinníollacha maidir le státabhairt chánach níos déine i gcomhaontuithe trádála AE leis an Eilvéis agus le Ceanada;
44. á thabhairt dá haire nach bhfuil feidhm ag an gComhaontú maidir le Spleách-chríocha Corónach na Ríochta Aontaithe ná maidir le Críocha Thar Lear na Ríochta Aontaithe; á mheas gur cheart grinnsrúdú críochnúil a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfuil lúba ar lár sa Chomhaontú lena gceadaítear go n-úsáidfí na críocha sin mar chontrapháirithe chun scéimeanna cánach díobhálacha nua a fhorbairt a mbeadh tionchar acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh;
45. á chur in iúl gur geal léi go mbeidh Comhaontú Pháras ina phríomhghné de chomhaontuithe trádála amach anseo; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nár cuireadh san áireamh, leis an leibhéal cosanta don aeráid i ndáil le gáis cheaptha teasa, spriocanna athbhreithnithe uile-gheilleagair 2030 atá ar tí a bheith glactha; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go bhfuil sé beartaithe ag an Aontas raon feidhme Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí a neartú agus a leathnú tuilleadh; á mheas, i gcás ina mbeadh difríochtaí suntasacha ann idir Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí agus Scéim na Ríochta Aontaithe i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, go bhféadfadh saobhadh ar an machaire comhréidh a bheith mar thoradh air sin, agus dá bhrí sin, gur cheart é sin a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm shásra AE um choigeartú carbóin ar theorainneacha, a luaithe a bheidh sé i bhfeidhm;
46. á chur in iúl gur geal léi na forálacha maidir le comhar i ndáil le slándáil sláinte, lena gcuirtear ar chumas na bpáirtithe agus údarais inniúla na mBallstát faisnéis ábhartha a mhalartú, ach á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an comhar sin teoranta do mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí ‘suntasacha’ don tsláinte phoiblí, agus do chomhordú na mbearta a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an tsláinte phoiblí a chosaint;
47. á chur in iúl gur geal léi nach ndéanfar aon athruithe ar chaighdeán AE maidir le sábháilteacht bia, agus go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhaontú ardchaighdeán sláintíochta agus fíteashláintíochta (CSF) an Aontais a choimirciú; á athdhearbhú go mbeidh sreafaí trádála earraí a bhfuil bearta CSF ina gceangal orthu thar a bheith ard idir AE agus an Ríocht Aontaithe agus gur cheart go mbeadh próiseas cuí comhordaithe ag AE chun seiceálacha rialaithe neamhréireacha ar earraí na Ríochta Aontaithe ag calafoirt AE a sheachaint;
48. á chur in iúl gur geal léi an chaibidil chuimsitheach a bhaineann le haeriompar atá san áireamh sa Chomhaontú, ar cheart go n-áiríteoidh sí go gcosnaítear leasanna straitéiseacha AE, agus a bhfuil forálacha oiriúnacha ar rochtain ar an margadh, ar chearta tráchta, ar chódroinnt agus ar chearta paisinéirí san áireamh inti; á chur in iúl gur geal léi na forálacha sonracha maidir le machaire comhréidh a bhaint amach sa

chaibidil a bhaineann le heitlíocht, rud a áiríteoidh go mbeidh aeriompróirí AE agus na Ríochta Aontaithe in iomaíocht le chéile ar chomhchéim; á thabhairt dá haire go bhfuarthas réiteach maidir le rialacha úinéireachta agus rialaithe, lena rialaitear an rochtain ar an margadh inmheánach, ach lena bhfágtar go bhfuil féidearthacht ann do léirscaoileadh leanúnach amach anseo; á chur in iúl gur geal léi an chaibidil shonrach i dtaobh sábháilteacht eiltlíochta lena bhforáiltear do dhlúthchomhar maidir le sábháilteacht eiltlíochta agus bainistiú aerthráchta; á mheas nár cheart don chomhar sin srian a chur ar AE i dtaca le leibhéal na cosanta a mheasann sé a bheith iomchuí do shábháilteacht a chinneadh; á chur i bhfios a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir Údarás na Ríochta Aontaithe um Eitlíocht Shibhialta agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh amach anseo;

49. á chur in iúl gur geal léi an fíoras go n-áiríteofar leis an gComhaontú nascacht atá saor ó chuótaí idir AE agus an Ríocht Aontaithe do tharlóirí iompair de bhóthar agus go ráthófar leis cearta iomlána idirthurais don dá pháirtí ar chríocha a chéile; thar an ‘droichead talún’ mar a thugtar air; á chur in iúl gur geal léi an machaire comhréidh láidir a baineadh amach sa chaibidilíocht maidir le hiompar de bhóthar agus na forálacha sonracha a bhaineann léi, rud a chuirfidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal i ndáil le hardchaighdeáin AE is infheidhme maidir leis an earnáil tarlaithe de bhóthar; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis an méid sin, go n-áirítear caighdeáin *inter alia* sa Chomhaontú maidir le rochtain ar an ngairm, postú tiománaithe, tréimhsí tiomána agus scíthe, tacagraif agus meáchain agus toisí feithiclí; á thabhairt dá haire nach amháin go n-áiríteofar iomaíocht chothrom leis na caighdeáin sin, ach go n-áiríteofar leo dálaí maithe oibre do thiománaithe agus ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre; á chur in iúl gur geal léi na forálacha sonracha a bhaineann le Tuaisceart Éireann a glacadh mar aitheantas ar chás uathúil na hÉireann, rud a íoslghdóidh an cur isteach ar an ngeilleagar uile-oileáin; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun faisnéis chruinn agus úsáideach a sholáthar do gheallsealbhóirí iompair, feidhmiú agus stóinseacht na gcóras TF ábhartha a áirithiú agus na doiciméid uile is gá le haghaidh idirthuras ar líne a chur ar fáil ar líne; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann machnamh a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais do chalafóirt áirithe chun bacainní a bhaint go mear le bonneagar fisiciúil, ar bacainní iad a thagann chun cinn mar gheall ar an am feithimh méadaithe do tharlóirí a thrasnaíonn an teorainn; á iarraidh go mbeadh dlúthchomhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe chun moilleanna agus cur isteach neamhriachtanach sa chóras iompair a chosc, agus nascacht a choinneáil a mhéid is féidir;
50. á chur in iúl gur geal léi leanúint den chomhar Eorpach leis an Ríocht Aontaithe i réimse na heolaíochta, an taighde, na nuálaíochta agus an spáis; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé tacú le soghluaisteacht taighdeoirí agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go mbeidh eolas eolaíoch agus teicneolaíocht i saorchúrsaíocht; á iarraidh ar oibreoirí seirbhíse soghluaiste leanúint den phrionsabal ‘fánaíocht ar tháillí baile’ a chur i bhfeidhm san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon; á thabhairt dá haire go rachaidh an caibidil ar fhuinneamh in éag an 30 Meitheamh 2026; á chur i bhfios go láidir gur gá leanúint den chomhar maidir le gach ábhar fuinnimh tar éis an dáta sin, i bhfianaise idirnascadh na margaí fuinnimh agus i bhfianaise go bhfanfaidh Tuaisceart Éireann laistigh de mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais; á thabhairt dá aire gurb ann do Chomhaontú AE-RA maidir le comhar i dtaca le húsáid shábháilte agus shíochánta an fhuinnimh núicléach, á chur in iúl gur cúis áiféala di nach cuid de nós imeachta an toilithe é toisc nach bhforáiltear i gConradh Euratom do ról a bheith ag Parlaimint na hEorpa; á iarraidh go mbunófar meabhrán tuisceana, bunaithe ar chreat Comhair

Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC), lena n-áirítear ar a laghad comhthionscadail, pleanáil spásúlachta mhuirí, comhtháthú an fhuinnimh amach ón gcósta sna margai fuinnimh;

51. á chur in iúl gur geal léi na rialacha lena rialáítear rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gclár de chuid an Aontais a leagtar amach sa roinn ábhartha den Chomhaontú; á mheas go gcomhlíonann na rialacha sin ionchais na Parlaiminte den chuid is mó, mar a leagtar amach ina moladh an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhpháirtíocht nua le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann; á mheas go háirithe go ndéantar leis na rialacha sin leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; ina leith sin, á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil an sásra uathoibríoch ceartúcháin á chur i bhfeidhm maidir leis an gclár Fís Eorpach;
52. á chur in iúl gur díol sásaimh di comhlachas na Ríocht Aontaithe leis an gclár Fís Eorpach; agus á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach i gclár taighde agus oiliúna Euratom, i gcomhpháirt Copernicus an chláir Spáis, agus in ITER, agus go mbeidh rochtain aici ar sheirbhísí faireachais agus rianaithe spáis faoin gclár Spáis; á chur in iúl gur díol sásaimh di go mbeidh an clár PEACE+ ina ábhar do chomhaontú maoinithe ar leith;
53. á chur in iúl gur oth léi gur chinn an Ríocht Aontaithe gan a bheith rannpháirteach sa chlár Erasmus+ do thréimhse Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027; á chur i bhfios go láidir nach dtiocfaidh aon sochar as an gcinneadh, agus go mbainfear de dhaoine agus d'eagraíochtaí in AE agus sa Ríocht Aontaithe deiseanna fíorthairbheacha trí thionscadail malartaithe agus comhair; á chur in iúl gur ábhar iontais ar leith di gur luaigh an Ríocht Aontaithe costais iomarcacha rannpháirtíochta mar chúis lena cinneadh; ag tathant ar an Ríocht Aontaithe athmhachnamh a dhéanamh ar a seasamh i rith na tréimhse aistarraingthe dá bhforáiltear faoin Dearbhú Comhpháirteach maidir le Rannpháirtíocht i gClár de chuid an Aontais; á chur in iúl gur geal léi tairiscint fhlaithiúil na hÉireann sásra agus maoiniú a chur ar bun chun deis a thabhairt do mhic léinn ó Thuaisceart Éireann leanúint de bheith rannpháirteach;
54. á mheabhrú gur gnéithe tábhachtacha den chomhar acadúil iad oideachas agus taighde araon agus gur príomhghné den ghluin nua de chláir é sineirgí idir an clár Fís Eorpach agus Erasmus+; á chur i bhfios go láidir go ndéanfaidh sí dlúthfhairéachán ar an staid chun a áirithiú nach mbainfí an bonn ó éifeachtacht dhá chlár comhair acadúil an Aontais ná ó thorthaí comhair a bhí ann cheana tríd an gcur chuig difreáilte i leith rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe;
55. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go gcosnaítear Leasanna Airgeadais an Aontais i ngach gné agus go n-urramaíonn an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí airgeadais faoin gComhaontú ina n-iomláine; ag leagan béim ar an ngá atá le comhar láidir maidir le CBL agus dleachtanna custaim chun bailiú cuí éileamh agus gnóthú cuí éileamh a áirithiú; á thabhairt chun suntais go bhfuil nósanna imeachta custaim an-chasta agus go bhfuil gá leanúnach ann le malartú tapa faisnéise agus comhar láidir a áirithiú idir AE agus an Ríocht Aontaithe chun rialuithe agus imréiteach éifeachtúil a áirithiú, mar aon le forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha; á chur i bhfáth freisin gur gá calaois chustaim agus CBL a sheachaint, lena n-áirítear gáinneáil (smuigleáil) trí rialuithe leormhaithe lena gcuirtear an dóchúlacht san áireamh go ndéanfar earraí áirithe a gháinneáil nó dearbhuithe éagóracha tionscnaimh nó ábhair a thíolacadh;

56. á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go dtugtar lánurraim do chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus, i gcomhréir le forálacha an dlúthchomhair idir na páirtithe, do cheart rochtana sheirbhísí an Choimisiúin, Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, OLAF agus OIPE chomh maith le ceart grinnscrúdaithe na Parlaiminte; á chur i bhfáth, thairis sin, a thábhachtaí atá inniúlacht CBAE i ndáil le cinntí a dhéanann an Coimisiún;
57. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá maoin intleachtúil (MI) agus gur gá leanúnachas rialála a áirithiú, seachas maidir le tásca geografacha a bheidh ann amach anseo; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, cosaint fheabhsaithe do chearta MI a bunaíodh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena gcumhdaítear cineálacha uile chearta MI, agus na forálacha forfheidhmithe agus comhair, lena gcumhdaítear raon leathan beart;
58. á chur in iúl gur oth go mór léi nach bhfuil cineálacha cuideachtaí na bpáirtithe atá ann cheana, amhail ‘Societas Europaea’ (SE) nó cuideachtaí teoranta, mar chuid den chomhaontú agus dá bhrí sin nach nglacfaidh an páirtí freasúra faoi seach leo a thuilleadh; á chur in iúl gur díol sásaimh di mar sin féin gur chuir na páirtithe san áireamh, agus oibreoirí eacnamaíocha á gcosaint, gur gá coinníollacha forbartha inbhuanaithe agus iomaíocha a áirithiú trí ghealltanais a thabhairt i leith neamhchúlchéimniú ó thaobh saothair agus caighdeáin shóisialta de agus trí theacht ar chomhaontú maidir le forálacha i ndáil le cleachtais choiscthe, forfheidhmiú agus comhar a mhéid a bhaineann le beartas iomaíochta;
59. á chur in iúl gur oth léi freisin nach raibh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta mar chuid de na caibidlíochtaí maidir leis an gcomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus ag cur béim ar an bhfioras gur gá teacht ar chomhthuiscint sa réimse seo a luaite agus is féidir; á mheabhrú, áfach, gur cheart don Aontas machnamh cúramach a dhéanamh ar a chinneadh maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfadh an Ríocht Aontaithe leanúint de bheith ina páirtí de Choinbhinsiún Lugano 2007, go háirithe i bhfianaise Phrótocal II a ghabhann leis maidir lena léirmhíniú aonfhoirmeach agus an fhéidearthacht cothromaíocht fhoriomlán idir a chaidrimh le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a choinneáil agus go mbeadh fíorthábhacht ag baint le comhoibriú éifeachtach agus idirphlé idir an Coimisiún agus an Pharlaimint, go háirithe leis an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, atá i gceannas ar dhlí idirnáisiúnta a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, a mhéid a dhéantar difear don Aontas Eorpach;
60. á chur in iúl gur oth go mór léi nár bunaíodh réiteach mionsonraithe agus fiúntach i dtaca le freagracht pósta, tuismitheora agus ábhair theaghlaigh eile leis an gComhaontú; á chur in iúl gur geal léi freisin na féidearthachtaí atá ann i dtaca le comhar feabhsaithe, a mhéid a bhaineann le príomh-shaincheisteanna maidir le dlí an teaghlaigh agus le hábhair i dtaca le comhar praiticiúil i réimsí na freagrachta tuismitheora, an fhuadaigh leanaí agus na n-oibleagáidí cothabhála, ar a laghad, ar féidearthachtaí iad is féidir a thairiscint trí rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe mar bhreathnadóir ag cruinnithe an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh maidir le hábhair shibhialta agus thráchtála;
61. á chur in iúl gur oth léi nach dtugtar leis an gComhaontú ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in ainneoin gur gheall an dá Pháirtí sa Dearbhú Polaitiúil go n-áiritheofaí go gcuirfeadh an painéal eadrána ceist faoi bhráid CBAE le haghaidh rialú ceangailteach i gcásanna inar tharraing díospóid eatarthu ceist anuas maidir le léirmhíniú coincheap i ndlí AE.

62. á thabhairt dá haire nach mbaineann an Comhaontú le Giobráltar ná nach bhfuil aon éifeachtaí aige sa chríoch sin; á thabhairt dá haire an réamh-chomhaontú idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an gcreat atá beartaithe do chomhaontú AE-RA maidir leis an gcaidreamh a bheidh ag Giobráltar amach anseo le AE, lena gceadófar forálacha ábhartha acquis Schengen a chur i bhfeidhm i nGiobráltar;

o

o o

63. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Rialtas agus Parlaimint na Ríochta Aontaithe.